Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2023
(OR. en)

16580/23

LIMITE

CORLX 1104
CFSP/PESC 1648
COAFR 437
CONUN 302
FIN 1276

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2017/1775 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2017/1775**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí[1], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO 251, 29.9.2017, p. 23.

De bharr an mhéid a leanas:

(1) An 5 Meán Fómhair 2017, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2374 (2017), lenar bunaíodh creat chun toirmeasc taistil agus reo sócmhainní a fhorchur ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá freagrach as gníomhaíochtaí nó atá comhpháirteach i ngníomhaíochtaí lena gcuirtear síocháin, slándáil nó cobhsaíocht Mhailí a chur i mbaol, nó a bhí páirteach iontu, go díreach nó go hindíreach.

(2) An 28 Meán Fómhair 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/1775.

(3) An 31 Lúnasa 2023, chuaigh córas smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe in éag nuair a theip ar an gComhairle Slándála teacht ar chomhaontú maidir lena shíneadh.

(4) I bhfianaise fhoirceannadh chóras smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe maidir le Mailí, ba cheart na hiontrálacha go léir in Iarscríbhinn I a gabhann le Cinneadh (CFSP) 2017/1775 a scriosadh.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2017/1775 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

PUBLIC

(1) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775, i Roinn A, 'Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 1(1)', scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

1. AHMOUDOU AG ASRIW;
2. MAHAMADOU AG RHISSA;
3. MOHAMED OUSMANE AG MOHAMEDOUNE;
4. AHMED AG ALBACHAR;
5. HOUKA HOUKA AG ALHOUSSEINI;
6. MAHRI SIDI AMAR BEN DAHA;
7. MOHAMED BEN AHMED MAHRI;
8. MOHAMED OULD MATALY;

(2) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775, i Roinn ‘B, ‘Liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 2(1)’, scriostar na hiontrálacha a bhaineann leis na daoine seo a leanas:

1. AHMED AG ALBACHAR;

2. HOUKA HOUKA AG ALHOUSSEINI;

3. MAHRI SIDI AMAR BEN DAHA;

4. MOHAMED BEN AHMED MAHRI;

5. MOHAMED OULD MATALY.

---

PUBLIC